CRO AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# H16

***Agóid i gcoinne Baint dheonach cuideachta den chlár***

Alt 732(2)(b) Acht na gCuideachtaí 2014

Uimhir na Cuideachta

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

Dátstampa faighte an CRO & barcode

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin**

**Tá Agóid á déanamh i leith iarratas na cuideachta seo a leanas um Baint Dheonach den Chlár**

**Ainm na Cuideachta** *ina iomláine*

| |
|---|
| |
| |

**Ní mór agóid a bhunú ar an mbonn nár chomhlíon an chuideachta ceann amháin (nó níos mó) de na coinníollacha seo a leanas atá leagtha amach in alt 731(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014. Cuir tic sa bhosca nó sna boscaí cuí. Féach ar na nótaí cuí i gcomhair míniúcháin.** *nóta a haon*

**Forais agóide**

☐ (a) tá na himthosca a bhaineann leis an gcuideachta ina gcineál a thugann cúis réasúnach don Chláraitheoir chun a chreidiúint nár sheol sí gnó riamh nó go bhfuil sí scortha de ghnó a sheoladh;

☐ (b) tá an chuideachta tar éis, laistigh de 3 mhí roimh dháta an iarratais, trí rún speisialta -
(i) rún a dhéanamh iarraidh ar an gCláraitheoir go mbainfí den chlár í ar an bhforas nár sheol sí gnó riamh nó go bhfuil sí scortha de ghnó a sheoladh; agus
(ii) rún a dhéanamh gurb amhlaidh, agus í ag feitheamh ar chinneadh maidir lena hiarratas um baint den chlár (nó, más túisce é, cealú an phróisis seo, ar a hiarraidh), nach mbeidh an chuideachta ag seoladh aon ghnó nó nach mbeidh aon dliteanais á dtabhú aici;

☐ (c) tá seachadta ag an gcuideachta ar an gCláraitheoir gach tuairisceán bliantúil a cheanglaítear le halt 343 atá dlite i ndáil leis an gcuideachta amhail ar dháta an iarratais;

☐ (d) tá seachadta ag an gcuideachta ar an gCláraitheoir deimhniú san fhoirm fhorordaithe agus é sínithe ag gach stiúrthóir á dheimhniú gurb amhlaidh, amhail ar dháta an iarratais -
(i) nach mó ná €150 suim aon sócmhainní de chuid na cuideachta;
(ii) nach mó ná €150 suim aon dliteanas de chuid na cuideachta (lena n-áirítear dliteanais theagmhasacha agus dliteanais ionchasacha); agus
(iii) nach bhfuil an chuideachta ina páirtí do dhlíthíocht atá ar bun nó ar feitheamh.

☐ (e) tá deimhniú i scríbhinn faighte ag an gCláraitheoir ó na Coimisinéirí Ioncaim, dar dáta nach luaithe ná 3 mhí roimh an dáta ar a bhfaighidh an Cláraitheoir an t-iarratas, nach bhfuil agóid á déanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcoinne bhaint na cuideachta den chlár;

☐ (f) chuir an chuideachta faoi deara gur foilsíodh fógrán, san fhoirm fhorordaithe, maidir lena hintinn iarratas a dhéanamh ar a bheith bainte den chlár, laistigh de 30 lá roimh dháta an iarratais in 1 nuachtán laethúil amháin ar a laghad a scaiptear sa Stát.

**Mionsonraí an deontóra**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Seoladh | | |
| | | |
| Uimhir teileafóin | | Uimhir faics |
| Ríomhphost | | Teagmhálaí |
| Uimhir/Malartán DX | | Uimhir thagartha |

**Sonraí duine atá ag déanamh agóide i gcoinne Baint Dheonach den Chlár**

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Seoladh | |
| | |

Tá an fhaisnéis shonraithe ceart agus cruinn, de réir mar is fearr is eol dom, a cuireadh i bhfios dom agus a chreidim.

Síniú

Dáta

Gaol leis an gcuideachta

## D'ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

Agóid

☐ Seasadh leis an agóid

☐ Diúltaíodh di

Faoi alt 733(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, féadfaidh an Cláraitheoir a chinneadh cibé an bhfuil nó nach bhfuil bonn réasúnta ag an agóid i gcoinne na bainte den chlár

## NÓTAÍ AR FHOIRM H16 A CHOMHLÁNÚ
**Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha**

***Ginearálta***

Caithfear an fhoirm a chomhlánú go ceart, go iomlán agus de réir na nótaí seo a leanas. Caithfear gach alt den fhoirm a chomhlánú. Nuair is cuí "ní bhaineann le hábhar" "Náid" nó "rud ar bith' a scríobh, iarrtar ort sin a scríobh in áit é a fhágáil folamh.

***nóta a haon***

Ní fhéadfar agóid a dhéanamh i gcoinne cuideachta a bhaint den chlár ach amháin ar an mbonn nár comhlíonadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha atá leagtha amach in alt 731 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní fhéadfar agóidí i gcoinne cuideachta a bhaint den chlár a bhreithniú mura bhfuil siad bunaithe ar na cúiseanna sin.

Tá sé fíor-riachtanach go seolfaí an agóid chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí roimh an dáta a bhfuil sé beartaithe go mbainfí an chuideachta den chlár. Ní fhéadfaidh an CRO an chuideachta a chur ar ais nuair a bheidh sí bainte den chlár agus níor mhór leas a bhaint as na nósanna imeachta um chur ar ais faoi alt 736 go dtí alt 744 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Is ionann an sprioclá maidir leis an agóid a bheith faighte agus an tréimhse dar críoch 90 lá roimh fhoilsiú an fhógra in Iris CRO.

Más rud é go ndéantar agóid i gcoinne an nós imeachta um baint dheonach den chlár, d'fhéadfadh tuilleadh teagmhála ón CRO a bheith de dhíth lena chinneadh cibé a sheasfar leis an agóid nó nach seasfar.

### Tuilleadh faisnéise

***Seoladh CRO***

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig:

Rannóg Fhordfheidhmithe<br>
Cláraitheoir na gCuideachtaí<br>
Teach Bloom,<br>
Plás Gloucester Íochtarach,<br>
Baile Átha Cliath 1.

**Déan staidéar cúramach ar na nótaí míniúcháin thuas le do thoil. Mura mbeidh Foirm H16 comhlánaithe i gceart, d'fhéadfadh an CRO í a dhiúltú agus a sheoladh ar ais ag an té a chur isteach í, agus mura gcuirfear an fhoirm cheartaithe isteach roimh an dáta ar a mbainfear an chuideachta den chlár, déanfar an chuideachta a bhaint den chlár agus a dhíscaoileadh.**

**TÁ TUILLEADH FAISNÉISE FAOI FHOIRM H16 A CHOMHLÁNÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR AN TÁILLE FORORDAITHE, AR FÁIL Ó WWW.CRO.IE NÓ TRÍ RÍOMHPHOST Ó INFO@CRO.IE**